Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Aonad na Seirbhísí Custaiméirí,
Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8

Customer Services Centre,
Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8
T. 01 222 2259 E. parkingpermits@dublincity.ie

IARRATAS AR CHEAD PÁIRCEÁLA CÓNAITHEORA DEN CHÉAD UAIR **1 BHLIAIN** ☐ **2 BHLIAIN** ☐

IARRATAS MAIDIR LE hATHRÚ SEOLTA: ☐

Tabhair faoi deara, le do thoil, go seolfar do chead d'áitritheoirí chuig do sheoladh faoi mar atá tugtha síos ar an bhfoirm iarratais seo. Ní mór Ceadanna Páirceála a athnuachan taobh istigh de 28 lá ón dáta éaga. Ní mór na hiarratais athnuachana go léir atá deireanach a chur isteach mar iarratas céad uaire agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige seo ar cháilitheacht.

1. Sloinne: _____ **2. Céadainm/neacha:** _____

3. Uimhir Theileafóin Teagmhála: _____

4. Ríomhphost: _____

5. Seoladh: Uimh. Árasáin:_____, **Uimh. Tí:** _____, _____

_____

Éirchód: _____

6. An é seo do ghnáthionad cónaithe? (Cónaí ann breis agus 183 lá sa bhliain)

IS É ___ **NÍ hÉ** ___

7. Má tá cónaí ort in árasán, an líon iomlán aonad tithíochta i d'fhoirgneamh: ___

8. An bhfuil páirceáil seachbhóthair ag d'fhoirgneamh? TÁ ____ **NÍL** _____

9. An bhfuil d'fheithicil incháilithe? (Féach coinníoll 4 lastall) TÁ ____ **NÍL** _____

10. Uimh. Clárúcháin na Feithicle: _____

Le haghaidh úsáid oifige amháin:

Uimh. Ceadúnais:

Méid Dlite: **Dáta Eisithe:**

€	

U/B _____ F/S _____ L/A _____

I/C _____ D/L _____ Doc L _____

Ceannlitreacha _____

SEICLIOSTA TÁBHACHTACH

IARRATASÓIRÍ CÉADUAIRE: INIAIGH 2 FHIANAISE CÓNAITHE REATHA, CÓIP DEN DEIMHNIÚ ÁRACHAIS AGUS TÁILLE.
ATHRÚ SEOLTA: INIAIGH CEAD REATHA, 2 FHIANAISE CÓNAITHE REATHA, CÓIP DEN DEIMHNIÚ ÁRACHAIS AGUS TÁILLE ATHSHOLÁTHAIR MÁS DLITE.

Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cáipéisí tacaíochta a choinneáil ar feadh 60 lá chomh luath is go ndéanfaí próiseáil orthu agus scriosfar iad ina dhiaidh.
Coimeádfar foirmeacha iarratais ar feadh 3 bliana.

CUIRFEAR IARRATAIS NEAMHSHÍNITHE/NEAMHIOMLÁNA AR AIS.

Táillí Ceada Céaduaire: €50 nó €400 do 1 bhliain amháin agus €80 nó €750 do 2 bhliain. Féach coinníollacha lastall don táille atá dlite i do chás. Cuimseoidh gach cead bliana amháin agus 2 bhliain, 8 gcead agus 16 chead cuairteora faoi seach.

Táille maidir le hAthrú Seolta: Ní mór do chead reatha a chur ar ais chugainn. Mura gcuireann tú ar ais é, beidh táille athsholáthair €10 le híoc, cealófar an cead sin agus cuirfear é sin in iúl do Dublin Street Parking Services.

Ná cuir airgead tirim tríd an bpost. Ba chóir Seiceanna/Orduithe Poist a bheith iníoctha le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Más mian leat íoc le Visa, Laser nó Mastercard, deimhnigh go bhfuil na sonraí teagmhála agatsa thuas fíor. Déanfar teagmháil leat chun íocaíocht a ghlacadh chomh luath is go gceadaítear an iarratas.

Deimhním go bhfuil coinníollacha 1 go 19 lastall léite agam agus go bhfuil na sonraí thuas fíor.

Síniú an Iarratasóra: _____ **Dáta:** _____

FODHLÍTHE CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH UM RIALÚ PÁIRCEÁLA - COINNÍOLLACHA

1. Ní mór duit 2 fhianaise cónaithe reatha mhalartacha (i.e. dátaithe laistigh den 3 mhí deiridh) a sholáthar a bhfuil d'ainm agus do sheoladh orthu, m.sh. Bille ón mBord Gáis, ó Eircom (teileafón), BSL nó UPC; ráiteas Bainc, cárta creidmheasa nó comhair creidmheasa; bille ó Phonewatch nó Ceadúnas Teilifíse. Ní ghlacann an Chomhairle Cathrach le billí neamhtheaghlaigh nó le billí d'fhón póca.

2. Ní mór duit, freisin, cóip de do Dheimniú Árachais reatha a sholáthar le d'ainm, seoladh agus uimhir chlárúcháin feithicle uirthi. Caithfidh an seoladh ar an Deimhniú Árachais a bheith mar an gcéanna le do sheoladh ag 5 lastall. (Ní ghlacfar le Deimhniú Árachais nach bhfuil an seoladh céanna air.)

Más fostaí thú agus (i) gluaisteán cuideachta agat nó (ii) gluaisteán príobháideach agat atá faoi árachas na cuideachta, is gá duit cóip den Deimhniú Clárúcháin Feithicle a chur isteach agus cóip de dheimhniú árachais na cuideachta agus litir ón gcuideachta ina mbeidh na nithe seo a leanas luaite: do sheoladh, uimhir chlárúcháin na feithicle, gur fostaí dá cuid thú agus (i) go mbaineann tú úsáid leanúnach as an bhfeithicil chuideachta nó (ii) go bhfuil do ghluaisteán príobháideach faoi árachas na cuideachta, de réir mar is iomchuí.

Tabhair faoi deara nach bhfuil an méid seo a leanas inghlactha ag an gComhairle Cathrach: Deimhnithe Árachais Sealadacha; cartaí Idirnáisiúnta mótar-árachais ("cartaí glasa"); dioscaí árachais; sceidil árachais; fógraí athnuachana agus admhálacha árachais agus litreacha in ionad an Deimhnithe Árachais

3. Athrú seolta: Nuair a athraíonn tú do sheoladh, caithfidh tú do chead reatha a chur ar ais chugainn mar aon le coinníollacha 1 go dtí 2 a chomhlíonadh. Má tá tú ina theideal, aistreofar an tréimhse neamhchaite den chead páirceála reatha go dtí do sheoladh nua. Tar éis an cead a athnuachan, áfach, is infheidhme ansin an chatagóir chuí táille don seoladh nua. (D'fhéadfaí táille níos airde nó níos ísle a íoc, rud atá ag brath ar stádas an bhóthair, ar chineál an fhoirgnimh agus má tá páirceáil sheacbhóthair ar fáil dó.) Beidh táille athsholáthair €10 le híoc mura gcuireann tú do chead reatha ar ais chugainn anois.

4. Ciallaíonn feithicil incháilithe, (a) feithicil paisinéara le cóiríocht do dhá réag ar a mhéid, seachas an tiománaí, agus gan leantóir nó feithicil eile á tarraingt aici, agus (b) feithicil earraí nach bhfuil a meáchan gan lasta thar 3.5 thonna agus nach bhfuil leantóir nó feithicil eile á tarraingt aici.

5. Tá gach iarratasóir incháilithe i dteideal 1 chead cónaitheora amháin ar a mhéid.

6. Má úsáidtear an foirgneamh mar aonad tithíochta amháin, táthar i dteideal uasmhéid de 4 chead cónaitheoirí in aghaidh an fhoirgnimh i gcrios íoséilimh, agus 3 chead cónaitheoirí i gcrios uaséilimh. Má thugtar isteach crios ceada páirceála cónaitheora nua tar éis 1 Meán Fómhair 2011, is 2 chead cónaitheora in aghaidh an fhoirgnimh an uasteidlíocht i gcrios uaséilimh.

7. Má tá an foirgneamh roinnte i 2, 3 nó 4 aonad tithíochta, cibé acu an i gcrios íoséilimh nó uaséilimh é, ceadaítear 1 chead cónaitheora amháin in aghaidh an aonaid ar a mhéid.

8. Má tá thar 4 aonad tithíochta san fhoirgneamh agus é i gcrios íoséilimh, ceadaítear 1 chead amháin ar a mhéid in aghaidh an aonaid (tithe athchóirithe agus bloic árasáin san áireamh).

9. Níl cónaitheoirí i mbloc árasáin le níos mó ná 4 aonad tithíochta i gcrios uaséilimh i dteideal ceadanna do chónaitheoirí.

10. Sa chás gur teach athchóirithe é agus níos mó ná 4 haonad tithíochta ann agus é suite i gcrios uaséilimh, beidh na cónaitheoirí i dteideal 4 chead páirceála san iomlán a fháil in aghaidh an fhoirgnimh, nó beidh siad i dteideal an cuóta a fháil (más infheidhme sin), más mó, faoi réir 1 chead páirceála cónaitheora a bheith ar fáil in aghaidh an aonaid tithíochta.

11. Ciallaíonn cuóta ceadanna, an líon iomlán de cheadanna páirceála cónaitheoirí atá i seilbh na gcónaitheoirí i dteach athchóirithe le níos mó ná 4 aonad tithíochta ann ar 31 Márta 2004.

12. I gcás aon tí nua-athchóirithe, a athchóiríodh tar éis 1 Meán Fómhair 2011 nó i gcás go dtugtar fógra don Chomhairle i dtaobh an athchóirithe den chéad uair tar éis 1 Meán Fómhair 2011, coinneoidh an teach an cuóta a bhí aige roimhe sin don fhoirgneamh.

13. Mura n-athnuaítear laistigh de 28 lá ón dáta éaga cead páirceála a eisíodh faoi Fhodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Rialú Páirceála, pléifear le hiarratas athnuachana ina dhiaidh sin mar iarratas nua. Beidh tionchar ar incháilitheacht mar sin má tá cuóta i bhfeidhm.

14. Táillí: €400 do 1 bhliain amháin nó €750 do 2 bhliain má tá níos mó ná 4 aonad tithíochta i bhfoirgneamh an chónaitheora, páirceáil sheachbhóthair ar fáil aige, agus é suite i gcrios íoséilimh (tithe athchóirithe agus bloic árasáin san áireamh).

€400 do 1 bhliain amháin nó €750 do 2 bhliain sa chás gur teach athchóirithe é foirgneamh an chónaitheora, agus níos mó ná 4 aonad tithíochta ann, páirceáil sheachbhóthair ar fáil aige agus é suite i gcrios móréilimh.

€50 do 1 bhliain amháin agus €80 do 2 bhliain do gach iarratasóir céaduaire eile.

15. Níl gnólachtaí, fostuithe agus tiarnaí talún neamhchónaitheacha incháilithe le haghaidh cead páirceála cuairteora.

16. Tá an cead cónaitheora dleathach le haghaidh na feithicle agus na sráide/anna ceada páirceála atá luaite ar chead an chónaitheora, agus lena n-aghaidh sin amháin. Má aistríonn tú ón seoladh seo nó má dhéanann tú d'fheithicil a dhiúscairt, níl do chead cónaitheora bailí feasta agus is gá é a chur ar ais láithreach chun na hoifige seo.

17. Cé go n-eisíonn an Chomhairle Cathrach fógraí athnuachana do gach sealbhóir ceada, is é an sealbhóir ceada féin atá freagrach as athnuachan gach cead cónaitheora.

18. Cealóidh agus aistarraingeoidh an Chomhairle Cathrach nó diúltóidh sí athnuachan a dhéanamh ar an gcead páirceála atá ag aon chónaitheoir má chinneann sí go bhfuair an sealbhóir ceada an cead sin trí fhaisnéis nó doiciméadú míchruinn a thabhairt.

19. Ní thugann seilbh ceada páirceála cónaitheora ráthaíocht do shealbhóirí go mbeidh spás páirceála acu i gcónaí ar bhóthar/bhóithre an cheada páirceála.

Le haghaidh breis eolais a bhaineann leis an Ráiteas Príobháideachas nó polasaithe ar chosaint sonraí, breathnaigh ar http://www.dublincity.ie/privacy-statement?language=ga, más é do thoil é.